

2. Is féidir na torthaí a chuntas ar pháipéar cearnógach nó poncaithe. Taispeántar thíos gach leagan amach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le ceithre chearnóg. Is féidir teacht ar dheiseanna ICT maidir le cearnóga a ionramháil freisin (féach an nasc thíos). [107]



3. Teisilíonn na cruthanna seo freisin agus is féidir le daltaí é sin a fhiosrú agus a gcuid torthaí a chuntas ar pháipéar cearnógach leis na patrúin éagsúla a thaispeántar thíos.







*Cén fáth ar roghnaigh tú an teaglaim seo teitreomónanna?*
*Déan cur síos ar an bpatrún a chruthaigh siad.*
*Conas a rinne tú cuntas de sin ar pháipéar greille?*
*Leag na teitreomónanna amach ar bhealach eile.*
*Roinn na leaganacha amach leis an rang agus cuir i gcomparáid lena chéile iad.*

*Fairsingiú ar an nGníomhaíocht: Fadhb Tetrafit*

Is éard is teitreamanó ann ceithre chearnóg atá nasctha lena chéile ciumhais le ciumhais. Leis an bhfadhbh seo déantar fiosrú breise ar theitreamanónna:

> *An féidir an teitreamanó seo, mar aon le 15 chóip de féin, a úsáid chun clár fichille ocht faoi ocht a chlúdach? Fiosraigh an ráiteas sin agus roinn do chuid torthaí leis an rang.*

D'fhéadfadh go mbeadh an nasc ICT seo úsáideach agus daltaí ag fiosrú na faidhbe seo. [108]






[107] Nasc chuig Teisiliú ar líne: http://illuminations.nctm.org/ActivityDetail.aspx?ID=202
[108] Nasc chuig Fadhb Tetrafit: http://nrich.maths.org/814